Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2017
(OR. en)

14210/17

SPORT 93
EDUC 409
JEUN 144
EMPL 543
SOC 711

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13433/17 SPORT 79 EDUC 377 JEUN 128 EMPL 499 SOC 656 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le ról traenálaithe sa tsochaí<br>*- Conclúidí ón gComhairle (21 Samhain 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, i ndáil le ról traenálaithe sa tsochaí, a ghlac an Chomhairle ag an 3577ú cruinniú a bhí aici ar an 21 Samhain 2017.

## Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le ról traenálaithe sa tsochaí

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT,

AG MEABHRÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS

1. Go gcuideoidh an tAontas, de réir Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shainiúlacht an spóirt, dá chuid struchtúr atá bunaithe ar an ngníomhaíocht dheonach agus don fheidhm shóisialta agus oideachasúil a bhaineann leis;

2. Gur ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an tríú Plean Oibre de chuid an Aontais Eorpaigh don Spórt (2017-2020) ar an 23 Bealtaine 2017, inar sainmhíníodh an spórt agus an tsochaí mar théamaí tosaíochta do chomhar an Aontais Eorpaigh i réimse an spóirt, agus inar sainíodh mar cheann de na hábhair lárnacha ann ról na dtraenálaithe;

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS

3. Le blianta fada anuas, tá athrú mór tagtha ar an tsochaí agus, i ngeall ar fhorbairtí sa teicneolaíocht, sa gheilleagar agus sa struchtúr sóisialta, tá dúshláin mhóra ann do ghlúin an lae inniu:
   a. is ag laghdú i gcónaí atá an ghníomhaíocht choirp a dhéanann daoine inniu1, agus is cúis imní ar leith é nach mbíonn a ndóthain gníomhaíochta fisiciúla le haghaidh a bhforbartha ar siúl ag leanaí ná ag déagóirí[2];

---

[1] Eorabharaiméadar 412 (http://ec.europa.eu/commfrontoffice/publicopinion/archives/ebs/ebs_412_en.pdf).

[2] *Report of the commission on ending childhood obesity, WHO 2016* [An Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Deireadh a chur leis an Murtall i measc Leanaí EDS 2016] (http://apps.who.int/iris/bitstream/10665/204176/1/9789241510066_eng.pdf?ua=1&ua=1).

b. le stíl mhurtallaigineach, neamhghníomhach mhaireachtála, mar aon le fadhbanna sláinte a bhaineann le hionchas níos faide saoil, is mó anois an t-ualach a chuirtear ar an gcóras sláinte, ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí;[3][4];

c. i roinnt Ballstát de chuid an Aontais, tá méadú ag teacht ar an dífhostaíocht, go háirithe i measc daoine óga[5];

d. Tá dúshláin ann do shochaithe na hEorpa ó thaobh leanúint de bheith comhtháite cuimsitheach agus ó thaobh deileáil le grúpaí atá i mbaol a n-imeallaithe: imircigh agus dídeanaithe[6], seanóirí, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga atá leochaileach ón taobh sóisialta de[7];

e. bíonn tionchar ag an tsoghluaisteacht mhéadaithe ar réimsí sóisialta, amhail margadh an tsaothair, an comhdhlúthú cultúrtha, seirbhísí sóisialta, agus an comhshaol;

f. tá méadú ag teacht ar líon na ndúshlán eiticiúil sa spórt;

---

3 *Council recommendations on promoting health-enhancing physical activity across sectors, 2013* [Moltaí ón gComhairle moladh maidir le gníomhaíocht fholláin choirp a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha, 2013] (http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:C:2013:354:0001:0005:EN:PDF).

4 *The economic cost of physical inactivity in Europe, An ISCA / Cebr report, 2015* [An costas eacnamaíoch a bhaineann le neamhghníomhaíocht choirp san Eoraip, Tuarascáil ISCA / Cebr, 2015] (http://inactivity-time-bomb.nowwemove.com/report).

5 Staidreamh dífhostaíochta, Eurostat, 2017 (http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Unemployment_statistics#Youth_unemployment_trends).

6 Tagraítear sa doiciméad seo do lánpháirtiú na n-imirceach agus na ndídeanaithe i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát maidir le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a chónaíonn go dlíthiúil san Aontas Eorpach, a glacadh ar an 9 Nollaig 2016 (15312/16).

7 Grúpaí a bhfuil baol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ag baint leo. Mionlaigh eitneacha, imircigh, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean, iad siúd atá ag streachailt le mí-úsáid substaintí, daoine scothaosta atá scoite amach ón saol, agus daoine óga, bíonn deacrachtaí go minic acu, deacrachtaí a fhéadann a bheith ina gcúis le heisiamh sóisialta níos mó, amhail leibhéil ísle oideachais agus dífhostaíocht nó tearcfhostaíocht.

4. I ngeall ar an bhforbairt ghasta atá ag teacht ar an teicneolaíocht, beidh poist ag éirí níos uathoibríche, rud a d'fhéadfadh tuilleadh am áineasa a chur ar fáil[8]. Leis an teicneolaíocht faisnéise, áfach, is fusa i gcónaí do dhaoine bheith páirteach i gcaitheamh aimsire neamhghníomhach, agus is mó an t-am a chaitear le siamsaíocht mhóréilimh ríomhchuidithe, rud a fhágann gur airde fós na rátaí neamhghníomhaíochta coirp;

AGUS BÉIM Á LEAGAN ACU AR AN MÉID A LEANAS

5. I gcomhthráth, le blianta fada anuas, is iomaí athrú atá tagtha agus atá fós ag teacht ar an spórt, agus é ina léiriú ar athruithe níos leithne sa réimse soch-chultúrtha: le daonlathú agus éagsúlú an spóirt, is leithne raon feidhme an spóirt leis na spóirt nua atá ag teacht ar an bhfód, agus rochtain níos mó ag mná ar spóirt arbh fhearainn na bhfear go dtí seo iad, agus iomadú saoráidí spóirt; feasacht a ardú ar a thábhachtaí atá an spórt agus an ghníomhaíocht choirp ar mhaithe leis an tsláinte agus an fhorbairt phearsanta; an acmhainneacht atá sa spórt don lánpháirtiú agus don chuimsiú sóisialta a chothú, agus don tráchtáil freisin, lenar spreagadh gnó, fiontraíocht agus trádáil;

6. Is féidir leis an spórt agus an ghníomhaíocht choirp a ghabhann leis cur leis an tsochaí trí chabhrú aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite agus, ag an am céanna, a luach sainiúil sóisialta féin a fhorbairt:
   a. mar réimse ina bhfuil gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar dearfach acu ar fholláine, ar shláinte agus ar cháilíocht saoil an duine gan beann ar aois;
   b. mar fheiniméin shóisialta trína dtagann daoine le chéile, lena gcruthaítear comhtháthú sa tsochaí ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena méadaítear gníomhaíocht na saoránach, lena gcuirtear cothrom na Féinne agus luachanna coiteanna[9] chun cinn do chách, beag beann ar a gcreideamh, a náisiúntacht, a seasamh sóisialta nó a gcúlra cultúrtha;

---

[8] Meastar go bhfuil 54 % de na poist san Aontas Eorpach i mbaol a n-uathoibrithe ("*Technology at work. The Future of Innovation and Employment*" Carl Benedikt Frey, Michael Osborne et al, Scoil Oxford Martin ag Ollscoil Oxford agus *Citi Global Perspectives & Solutions,* 2015) (http://www.oxfordmartin.ox.ac.uk/publications/view/2092).

[9] Meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad (Airteagal 2 de CAE).

c. tríd an am fóillíochta a shaibhriú le gníomhaíochtaí a chuireann an fhorbairt phearsanta chun cinn agus trínar fusa scileanna sóisialta agus scileanna riachtanacha eile a fháil agus trína bhforbraítear an caipiteal daonna;

d. tríd an ngníomhaíocht dheonach a spreagadh, rud a chuireann leis an rannpháirtíocht shóisialta;

e. trí theicneolaíocht, ábhair agus eolas a fhorbairt don fheidhmíocht, ábhair inchaite, éadaí, cothú agus nósanna imeachta aclaíochta san áireamh, rud a chuaigh chun tairbhe sciaranna éagsúla den daonra cheana féin, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas, trí éifeachtúlacht, sábháilteacht agus athshlánú san obair agus san fhóillíocht;

f. tríd an bhforbairt uirbeach a chur chun cinn do riachtanais chultúrtha agus shóisialta na saoránach;

g. tríd an tionchar suntasach, méadaitheach eacnamaíoch atá acu[10];

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

7. Tá ról lárnach ag traenálaithe sa spórt, sa mhéid go mbíonn tionchar acu ar eolas, scileanna, ionchais, mianta, sláinte, folláine agus luacha na rannpháirtithe tríd an gceannaireacht agus an treoir a thugann siad. Tá idir 5 agus 9 milliún traenálaí san Eoraip, agus tionchar acu ar idir 50 agus 100 milliún Eorpach[11];

8. Is iad na traenálaithe na daoine a phleanálann agus a thugann an traenáil spóirt, trí scileanna agus eolas inléirithe a chur i bhfeidhm, ar bhealach sábhailte, ar mhaithe le spriocanna feidhmíochta, fóillíochta nó sláinte;

9. Chun críocha na gconclúidí seo, is é atá i gceist le traenálaithe traenálaithe spóirt:

   a. ar mná nó fir iad a bhfuil inniúlachtaí acu atá bunaithe ar an bhfoghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta sa réimse spóirt;

---

10 Meastar gurb é sciar an spóirt in oll-bhreisluach iomlán 1.76 %, méid arb ionann é agus 174 billiún euro. San Aontas ina iomláine, meastar gur 2.12% é cion na fostaíochta a bhaineann le spórt san fhostaíocht iomlán, méid arb ionann é agus 4.5 milliún duine. (*Study on the Contribution of Sport to Economic Growth and Employment in the EU* (2012) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Oideachais agus an Chultúir).

11 http://www.coachlearn.eu/_assets/files/project_documents/coachlearn-project-summary-website-june-2015.pdf

b. atá ina gceannairí agus ina dtreoraithe ag lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus ag rannpháirtithe fóillíochta araon;

c. atá fostaithe go proifisiúnta agus ina saorálaithe;

10. Samhlaítear obair na dtraenálaithe leis an bhfreagracht, leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a ndéantar cur síos orthu i gcáilíochtaí traenála na dtíortha agus na n-eagraíochtaí spóirt;

11. Bíonn difríochtaí ó thír go tír san oiliúint a chuirtear ar thraenálaithe agus sna ceanglais maidir le cáilíochtaí traenála. Is uirlis iad na creataí náisiúnta um cháilíochtaí (NQF) nó na córais dá dtagraítear sa chreat Eorpach um cháilíochtaí (EQF) lenar fusa comparáid a dhéanamh idir tíortha éagsúla chun trédhearcacht agus inchomparáideacht na n-inniúlachtaí agus na gcáilíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a chur chun cinn, chun críocha soghluaisteachta agus foghlama ar feadh an tsaoil;

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU

12. Tá na traenálaithe i measc phríomhghníomhaithe an spóirt a chabhraíonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na sochaí, ós rud é gur féidir leo, mar atá i gceist le cúraimí eile, ag brath ar an ról agus ar an bpost atá acu, agus ar chomhthéacs na traenála:

a. tionchar a imirt ar an gcéad taithí a bhíonn ag an duine ar spórt agus ar ghníomhaíocht choirp, lena dtacaítear le forbairt na nósanna a bhaineann le spórt agus lena mbítear rannpháirteach i gcruthú na dtairbhí sóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn as cultúr spóirt;

b. ról sóisialta méadaitheach a bheith acu i bhforbairt phearsanta rannpháirtithe sa spórt, go háirithe lúthchleasaithe óga, trí bheith ina n-eiseamláirí dearfacha agus tríd an spreagadh agus an fhéinmhuinín a chothú, agus trí thionchar a bheith acu ar a gcuid luachanna, nósanna iompair agus scileanna sóisialta;

c. ról uathúil a bheith acu ó thaobh cuimsiú sóisialta agus comhionannas inscne a chur chun cinn, agus an urraim do luachanna coiteanna[12] agus don éagsúlacht a mhúineadh agus an ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn i measc gach grúpa sóisialta;

[12] Meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad (Airteagal 2 de CAE).

d. ionracas an spóirt agus rialacha chothrom na Féinne a chosaint agus a fhorbairt, mar aon le bheith i measc an chéad dreama a mbíonn orthu gníomhú nuair a thagann fadhbanna chun cinn, e.g. feallsocraithe cluichí, dópáil, foréigean, dúshaothrú mionaoiseach, etc.;

e. bheith ina gceannairí i seirbhísí fóillíochta a bhaineann le spórt agus le gníomhaíocht choirp agus páirt a ghlacadh i nuálaíocht i réimse an spóirt, lena n-áirítear earraí, seirbhísí agus modhanna oiliúna;

f. an taithí spóirt a mhúnlú do pháirtithe leasmhara tábhachtacha eile, amhail baill teaghlaigh na lúthchleasaithe, an lucht féachana agus an lucht leanúna agus geallsealbhóirí sóisialta eile, agus a dtionchar ag síneadh amach as an spórt chuig réimsí eile;

I bhFIANAISE AN MÉID THUAS, TÁ SIAD AR AON FHOCAL

13. I gcomhthéacs na ndúshlán iomadúil atá os comhair na sochaí, dúshláin ar féidir leis an spórt cabhrú lena réiteach, go bhfuil an ról sonrach a bhí ag traenálaithe ag síneadh amach chuig réimsí eile gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar níos leithne acu ar fhorbairt na sochaí agus ar dhaoine. Go bhfuil ról seo na dtraenálaithe i réimse an spóirt agus na gníomhaíochta coirp, trína gcuirtear le forbairt iomlánaíoch na rannpháirtithe, cosúil le ról an mhúinteora scoile, go háirithe nuair is ag plé le páistí agus déagóirí a bhítear;

14. Is iad seo a leanas na príomh-shaincheisteanna maidir le traenálaithe faoi láthair:

a. go n-aithneodh an tsochaí tábhacht mhéadaitheach ról na dtraenálaithe;

b. go gcuirfí le feasacht na dtraenálaithe maidir leis an tábhacht a bhaineann lena ról féin, na deiseanna agus na freagrachtaí gaolmhara, agus go ndéanfaí forbairt bhreise ar an ról sin;

c. go ndéanfaí na deiseanna don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus d'oiliúint na dtraenálaithe a leathnú amach, i gcás inarb infheidhme, le dul i ngleic leis na dúshláin shóisialta, go príomha i ndáil leis an gcúram sláinte, an dualgas cúraim agus i réimse an gheilleagair agus an chuimsithe shóisialta;

d. go gcuirfí an comhionannas inscne agus an éagsúlacht sa traenáil chun cinn, trí líon na dtraenálaithe baineanna, idir fhostaithe agus deonacha, agus líon na ndaoine de bhunadh éagsúil sóisialta agus eitneach a mhéadú i spóirt éagsúla agus ar gach leibhéal;

e. go dtacófaí le forbairt dhéghairmeach na lúthchleasaithe agus go gcuirfí an traenáil mar ghairm bheatha chun cinn i measc daoine óga;

f. aitheantas a thabhairt do thraenáil, de réir mar is iomchuí, mar shlí bheatha i mBallstáit an Aontais Eorpaigh trí chaighdeáin agus trédhearcacht na gcáilíochtaí traenála sna Ballstáit agus sna heagraíochtaí spóirt a chur chun cinn trína gcur isteach i gcreataí náisiúnta cáilíochtaí lena dtagraítear don chreat Eorpach um cháilíochtaí;

g. go n-aithneofaí ról na dtraenálaithe deonacha agus go dtabharfaí an tacaíocht ábhartha dóibh;

h. go ndéanfaí oiliúint na dtraenálaithe a fhorbairt, agus gnéithe idirnáisiúnta agus trasearnála á gcur leis an oideachas traenála trí dhea-shamplaí agus modhanna oibre fónta a fhaightear ó obair don óige amhail foghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta tríd an spórt, obair le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu agus fiontraíocht;

SA CHOMHTHÉACS SIN, IARRANN SIAD

15. AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA AGUS AR AN tSAINIÚLACHT A GHABHANN LEIS AN SPÓRT,

a. cabhrú chun an ról níos leithne seo de chuid na dtraenálaithe a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar na dúshláin shóisialta atá os comhair na sochaí ina hiomláine;

b. tacú le cláir oideachais agus le feachtais fógraíochta a bhfuil d'aidhm acu cur le líon na dtraenálaithe inniúla chun go mbeidh siad in ann feabhas a chur ar an rochtain a bhíonn acu ar mhargadh an tsaothair agus ar a seasamh sa mhargadh sin;

c. an dea-chleachtais a roinnt lena chéile i ndáil le hoiliúint traenálaithe;

d. an comhar a éascú idir institiúidí oideachais, eagraíochtaí óige, cónaidhmeanna spóirt agus brateagraíochtaí spóirt maidir le hoideachas agus oiliúint traenálaithe;

e. tacú le forbairt na reámhfhoghlama agus le córais foghlama a fhorbairt ar feadh an tsaoil do thraenálaithe ina mbeadh deiseanna foghlama foirmiúla, neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta ar leibhéil éagsúla uile na traenála;

f. gníomhaíochtaí bhrateagraíochtaí agus líonraí na dtraenálaithe a aithint agus a chur chun cinn;

g. cur chuige na dtorthaí foghlama a chur chun cinn laistigh den chóras oideachais don spórt agus é bunaithe ar chuspóirí na gcreataí náisiúnta um cháilíochtaí agus an chreata Eorpaigh um cháilíochtaí araon, agus, i gcás inarb iomchuí, na cáilíochtaí traenála a chur isteach sna creataí náisiúnta um cháilíochtaí agus tagairt a dhéanamh don chreat Eorpach um cháilíochtaí;

16. AR AN gCOIMISIÚN EORPACH

a. malartú na ndea-chleachtas agus na dtreoirlínte i réimsí oideachas na dtraenálaithe agus i bhforbairt na gcáilíochtaí a éascú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus eagraíochtaí spóirt;

b. féachaint an bhféadfaí dréachtú na dtreoirlínte i ndáil leis na buncheanglais do scileanna agus d'inniúlachtaí do thraenálaithe a áireamh in obair Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir le Forbairt Scileanna agus Acmhainní;

c. leanúint d'inchomparáideacht cháilíochtaí traenála na mBallstát agus na n-eagraíochtaí spóirt a chur chun cinn i gcomhthéacs an chreata Eorpaigh um cháilíochtaí;

d. taighde a dhéanamh i gcomhthéacs ról na dtraenálaithe, agus béim ar leith á leagan ar dhúshláin agus ar chonstaicí i dtéarmaí oideachais, soghluaisteachta agus mhargadh an tsaothair, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag traenáil spóirt ar na dúshláin mhóra shochaíocha sa spórt agus taobh amuigh de;

e. úsáid a bhaint as na deiseanna a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gclár Erasmus + agus le Seachtain Eorpach an Spóirt chun aird a tharraingt ar na sochair a bhaineann leis an traenáil agus chun iad a neartú agus chun soghluaisteacht a chothú i measc traenálaithe;

17. AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AGUS AR GHEALLSEALBHÓIRÍ ÁBHARTHA EILE

a. ábhar oiliúna do thraenálaithe a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí i ndlúthchomhar le hinstitiúidí oideachais, ábhar a bheidh cothrom le dáta agus a bheidh ar aon dul le forbairtí leanúnacha sa tsochaí, lena n-áirítear an t-eolas a bhaineann le scileanna sóisialta, an fhrithdhópáil, déghairmeachas na lúthchleasaithe, obair don óige, cúram sláinte, an fhiontraíocht, an dualgas cúraim, an comhionannas inscne, etc.;

b. oibriú le traenálaithe chun seirbhísí sábháilte éifeachtacha fóillíochta a fhorbairt ionas go leanfaidh an spórt de bheith tarraingteach agus iomaíoch i dtaca le roghanna eile fóillíochta ríomhchuidithe;

c. gairm na traenála a dhéanamh níos inrochtana trí oiliúint agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na gcáilíochtaí traenála agus, i measc nithe eile, trí leas a bhaint as na deiseanna a chuireann teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide an lae inniu ar fáil;

d. an éagsúlacht a chur chun cinn sa traenáil, lena n-áirítear rochtain níos fearr do mhná, do dhaoine óga agus do dhaoine atá faoi mhíchumas;

e. cabhrú an oiliúint is gá a chur orthu siúd a bhíonn ag obair mar thraenálaithe;

f. cúrsaí foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do thraenálaithe, lena n-áirítear trí inniúlachtaí a bhailíochtú agus malartú tuairimí, scileanna agus eolais a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta;

g. Ciste Sóisialta na hEorpa agus an clár Erasmus + a úsáid chun tacú le próiseas foghlama ar feadh an tsaoil do thraenálaithe;

h. tacú le soghluaisteacht na dtraenálaithe ar mhaithe le heolas cultúrtha, eolas trasearnála, scileanna teanga agus scileanna nua ábhartha eile a fhoghlaim;

i. oibriú le fostóirí éagsúla le staidéar a dhéanamh ar a gcuid riachtanas ó thaobh gníomhaíochtaí spóirt a fhorbairt a bhféadfadh traenálaithe spóirt a bheith bainteach leo chun an éagsúlacht a chur chun cinn sa traenáil, lena n-áirítear rochtain níor fearr do mhná agus do dhaoine óga.

---